# TUAIRIMÍ

# COISTE NA RÉIGIÚN

## AN 138ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN, 11.02.2020 – 12.02.2020

### Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – An Smacht Reachta a Neartú laistigh den Aontas – Treoirphlean Gníomhaíochta

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Franco IACOP (IT/PSE), comhalta de Chomhairle Réigiúnach Friuli Venezia Giulia |
| **Doiciméad tagartha:** | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – An Smacht Reachta a Neartú laistigh den Aontas – Treoirphlean Gníomhaíochta – COM(2019) 343 final |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

*Barúlacha ginearálta*

1. sásta leis an togra ón gCoimisiún, togra ina n-aithnítear gur réamhchoinníoll do phróiseas lánpháirtíochta na hEorpa agus gur bunluach de chuid an Aontais é an smacht reachta atá cumhdaithe sna Conarthaí agus atá i gcoiteann ag traidisiúin bhunreachtúla na mBallstát agus togra ina leagtar tábhacht mhór ar an méid sin; á thabhairt le fios gur forás dearfach ar an gcóras reatha iad na tionscnaimh atá curtha síos ag an gCoimisiún maidir le prionsabail an smachta reachta a chur chun cinn, sáruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na prionsabail sin a sheachaint agus beart comhréireach a dhéanamh i gcás nach gcomhlíontar na prionsabail sin;

2. ag aontú leis gur freagracht atá roinnte idir na Ballstáit agus an tAontas é faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an smachta reachta, cé gur ar gach Ballstát ina aonar a thiteann an fhreagracht sin go príomha. Tugtar bunús dlí soiléir in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) don ról faireacháin sin a bheith faoi chúram na n-institiúidí Eorpacha freisin;

3. á thabhairt le fios freisin go bhfuil ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta agus ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i ndáil leis an smacht reachta a neartú: is leibhéal bunúsach dlisteanachta daonlathaí iad na húdaráis sin agus ba cheart dóibh cultúr an smachta reachta a chur chun cinn i gcónaí agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na bprionsabal a bhaineann leis. Is féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cur leis na gníomhaíochtaí cruthaithe eolais atá luaite sa togra ón gCoimisiún agus gníomhú freisin mar fhoinsí faisnéise don fhaireachán a bhfuil sé beartaithe aige a dhéanamh. Chuige sin, is féidir leis an gCoiste éascú agus comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach cur leis an smacht reachta, mar shampla trí iad a spreagadh teacht ar chomhaontuithe traspháirtí maidir le gnéithe a bhaineann leis an daonlathas áitiúil, gnéithe a nglactar leis go bhfuil siad doshannta agus a chosnófar go comhpháirteach i gcás aon ionsaí orthu;

4. á chur i bhfáth nach mór an urraim don smacht reachta a ráthú le leas gach duine, toisc gur réamhchoinníoll an méid sin ann féin chun na cearta agus na saoirsí bunúsacha a thugtar do dhaoine aonair le dlíchóras an Aontais a fheidhmiú. Is é a chiallaíonn an smacht reachta a neartú sna Ballstáit na cearta a thugtar do gach duine aonair a neartú;

5. den tuairim dhaingean go dteastaíonn faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit agus faireachán a dhéanamh ar na hinstitiúidí Eorpacha le go mbeidh córas cuimsitheach de chosaint an smachta reachta ann; den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart an córas atá ag an Aontas chun faireachán a dhéanamh ar an urraim don smacht reachta a fhorlíonadh le sásraí atá lasmuigh den Aontas féin. Cé go bhfuil siad ar an eolas faoi na deacrachtaí dlíthiúla atá le sárú, is díol sásaimh don Choiste, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tús a chur athuair le próiseas aontachais an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(2) CAE;

6. sásta go bhfuil sé leagtha amach sa teachtaireacht príomhghnéithe an smachta reachta, amhail neamhspleáchas na mbreithiúna, cosaint na gceart bunúsach, sochaí shibhialta ghníomhach a bheith ann agus iolrachas sna meáin. Is gnéithe bunriachtanacha iad sin le haghaidh muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, dhea-fheidhmiú an Aontais, comhar dílis idir an tAontas agus na Ballstáit agus, thar aon ní eile, lánurraim do na cearta a thugann dlíchóras an Aontais do na saoránaigh;

7. á chur i bhfáth go bhfuil dlúthnasc idir an urraim don smacht reachta, cosaint na gceart bunúsach agus comhlíonadh phrionsabail an daonlathais agus go bhfuil siad fite fuaite ina chéile agus nach mór iad a urramú, a chosaint agus a neartú ar gach leibhéal rialtais; ag iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí sna sásraí lena gcosnaítear an smacht reachta, go háirithe sa chóras faireacháin bhliantúil, an baol go sárófaí na cearta bunúsacha agus go n-imeofaí ó na prionsabail dhaonlathacha sna Ballstáit ar gach leibhéal rialtais;

8. á mheabhrú don Choimisiún gur gá saintréithe agus traidisiúin dlí na gcóras dlí náisiúnta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar a mhéid atá na Ballstáit ag cloí le prionsabail an smachta reachta;

9. á thabhairt le fios go bhfuil saoránaigh an Aontais i dteideal dul ar iontaoibh na gcúirteanna, cúirteanna nach mór a bheith neamhspleách agus é le sonrú orthu go bhfuil. Ainneoin go bhfuil an sainchúram ar na Ballstáit rialáil a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar an córas breithiúnach a struchtúrú agus an chaoi a n-oibríonn sé, ní mór caighdeáin choibhéiseacha éifeachtúlachta a bheith ann ó dhlíchóras náisiúnta go chéile mar aon le ráthaíochtaí coibhéiseacha maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna sin a chuireann dlí AE i bhfeidhm; ag iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den fhaireachán leanúnach a dhéanann sé maidir le sáruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar neamhspleáchas na mbreithiúna;

10. á chur i bhfios gur gá a áirithiú go mbeidh Ballstáit uile an Aontais faoi réir an leibhéil chéanna grinnscrúdaithe, gan aon idirdhealú bunaithe ar chritéir bhreise;

11. á thabhairt le fios gur comhpháirteanna bunúsacha den smacht reachta iad saoirse na meán agus iolrachas sna meáin; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur isteach a d'fhéadfadh na húdaráis phoiblí a dhéanamh ar na meáin agus idiragairt a dhéanamh le cuidiú na n-uirlisí atá tugtha dó sna Conarthaí chun déileáil le sáruithe ar an tsaoráil faisnéise;

12. á thabhairt dá aire go bhfuil an iriseoireacht neamhspleách agus ghairmiúil i mbaol de bharr ardáin dhigiteacha a bheith ag glacadh seilbh ar inneachar iriseoireachta gan íoc as, agus de bharr an nóis atá ann dul i muinín na meán sóisialta chun faisnéis agus nuacht a fháil, ach nach mbíonn an fhaisnéis ná an nuacht sin fíoraithe ná deimhnithe fiú, ina lán cásanna, sin nó gan bunús ar bith a bheith léi nó claonadh thar cuimse a bheith inti;

13. ag tagairt, dá bhrí sin, don ghá díghairmiúlú na hiriseoireachta a chosc, tacaíocht airgeadais a thabhairt do na meáin neamhspleácha ar ardcháilíocht, an iriseoireacht iniúchach a spreagadh agus iad siúd a bhfuil lámh acu san iriseoireacht iniúchach a chosaint, agus córais a chur chun cinn chun bailíocht na nuachta a scaiptear ar ardáin ar líne a dheimhniú. Molann an Coiste go gcuirfí leis na tionscnaimh faireacháin a sheol an Coimisiún roimhe seo agus go dtreiseofaí na tionscnaimh sin;

14. á chur i bhfáth go bhféadfadh bagairtí tromchúiseacha ar an smacht reachta a theacht ní hamháin ó údaráis an Stáit ach freisin ó oibreoirí eacnamaíocha príobháideacha móra atá gníomhach sna meáin agus sa gheilleagar digiteach. Ní féidir leis an gCoimisiún dul sa seans agus neamhaird a dhéanamh de na bagairtí ar iolrachas sna meáin, ar an gceart chun faisnéis a cheartú agus a fhíorú, ná ar an tsaoirse an ceart vótála a fheidhmiú, rudaí a d'fhéadfadh tarlú de bharr an gheilleagair dhigitigh. D'fhéadfaí roinn speisialta den tuarascáil bhliantúil atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhíriú ar na rioscaí a bhaineann le sáruithe ag gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad.

*Iarraidh maidir leis an Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún an 22-23 Márta 2017 a chur san áireamh*

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún, agus a thograí á gcur chun feidhme aige, na critéir atá leagtha amach sa Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún an 22 agus 23 Márta 2017 maidir le *Léamh Áitiúil agus Réigiúnach ar an Smacht Reachta san Aontas Eorpach* a chur san áireamh ina n-iomláine;

16. á chur i bhfáth go n-éilítear leis an urraim do phrionsabail an smachta reachta iarrachtaí éifeachtacha chun an t-éilliú a chomhrac agus cistí an Aontais a úsáid go cuí agus go trédhearcach. Ní mór aon chalaois a bhaineann le bainistiú na gcistí sin a thuairisciú gan mhoill do na húdaráis bhreithiúnacha agus an chalaois sin a thabhairt chun cuntais ar gach leibhéal;

17. sásta gur féidir prionsabail an smachta reachta a neartú trí bhíthin nósanna imeachta a fhágann go mbraitheann eisíocaíocht chistí an Aontais ar chomhlíonadh iomlán na bprionsabal sin;

18. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar chás ina bhféadfaí na sásraí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an smachta reachta a mheas mar phionós arna fhorchur ar phobail ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus ina bhféadfaí an bonn a bhaint de bhraistint na bpobal sin go mbaineann siad lenár bhféiniúlacht choiteann Eorpach;

19. á thabhairt dá aire, i ndáil leis sin, go bhféadfadh sé dá laghdófaí an cistiú a thugann an tAontas do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha gur pionós a bheadh ann a d'fhorchuirfí ar leibhéil áirithe rialachais nach mbeadh freagrach as na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a bheadh á maíomh ag an gCoimisiún. Thairis sin, d'fhéadfadh na tairbhithe a mheas gur pionós gan údar é laghdú den sórt sin ar chistiú agus, ar bhonn níos ginearálta, d'fhéadfadh saoránaigh na bpobal lena mbaineann é a mheas mar phionós gan údar, sa mhéid nach mbeadh sé nasctha le sáruithe sonracha ar chur chun feidhme na dtionscadal cistithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na bearta sin cur leis an drochintinn a bhraitear i leith na n-institiúidí Eorpacha;

20. den tuairim, dá bhrí sin, go bhféadfadh na coinníollacha ó thaobh cistiú de a bheith ina réiteach nach n-úsáidfí ach i gcás sáruithe tromchúiseacha agus sistéamacha. I gcásanna inar ghá beart den sórt sin a ghlacadh, ba cheart é a thabhairt le fios do na pobail lena mbaineann an loiceadh tromchúiseach a rinne na húdaráis, rud a d'fhág gur laghdaíodh an cistiú;

21. den tuairim gur tosaíocht, mar sin féin, na sásraí don idirphlé polaitiúil agus don fhaireachán, lena gcuirtear na Ballstáit ar comhchéim agus lenar féidir sáruithe ar an smacht reachta a chosc.

*Measúnuithe maidir leis an gcóras bliantúil chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an smachta reachta*

22. á thabhairt le fios gur réamhchoinníoll do phróiseas iomlán na lánpháirtíochta Eorpaí an prionsabal go gcaitear go cothrom le gach Ballstát. Chuige sin, is díol sásaimh don Choiste an togra maidir le córas faireacháin bhliantúil a chuimseodh na Ballstáit uile a chruthú;

23. á chur i bhfios go léirítear go soiléir leis an moladh córas faireacháin a chuimseodh na Ballstáit uile a chruthú gurb é an cuspóir atá ag an Aontas luachanna coiteanna a chosaint seachas an struchtúr a chuireann na Ballstáit ar institiúidí an stáit, le linn do na Ballstáit a gcumhachtaí a fheidhmiú, a cheistiú. Lena chois sin, is léir ó chros-seiceáil a rinneadh go bhféadfadh sé tarlú i ngach Ballstát go n-imeofaí de mhórán nó de bheagán ó phrionsabail an smachta reachta;

24. ag léiriú a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach a ndóthain i mbunú an chórais chun faireachán a dhéanamh ar an smacht reachta agus sa phróiseas faireacháin féin;

25. á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún nua tús áite a thabhairt do chur chun feidhme an chórais faireacháin bhliantúil. Tá an Coiste ag iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, beart a dhéanamh láithreach agus na hacmhainní riachtanacha cistiúcháin agus foirne a chur ar fáil. Ba cheart do na Ballstáit gníomhú chomh tapa céanna agus a bpointí teagmhála a ainmniú. Ba cheart do na pointí teagmhála sin páirt a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus don tsochaí shibhialta ina gcuid oibre;

26. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá paraiméadair oibiachtúla agus thrédhearcacha chun faireachán cuí a dhéanamh. Tá ról tábhachtach ag cásdlí na Cúirte Breithiúnais i bhforbairt na bparaiméadar sin. Molann an Coiste na samhlacha a úsáidtear sa Scórchlár Ceartais a fhorbairt, Seicliosta Smachta Reachta Choimisiún na Veinéise a úsáid agus a bheachtú agus, ar bhonn níos ginearálta, tógáil ar an taithí atá faighte ag comhlachtaí Chomhairle na hEorpa;

27. á chur i bhfáth, i gcomhréir leis an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016, gur gá comhordú a dhéanamh ar na huirlisí atá ag an Aontas cheana chun measúnú a dhéanamh ar an smacht reachta, ar an daonlathas agus ar na cearta bunúsacha, agus, i gcás inar féidir, iad a chomhtháthú i sásra faireacháin amháin;

28. den tuairim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an faireachán bunaithe ar chóras chun sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú agus go nglacfadh an córas sin le heolas ón oiread foinsí ábhartha agus is féidir, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, an saol acadúil, agus freisin ó dhaoine aonair príobháideacha agus ón tsochaí shibhialta eagraithe;

29. ag aontú leis gur cheart don Choimisiún an córas faireacháin a chomhordú; ag ardú na ceiste, áfach, cén ról san fhaireachán bliantúil a d'fhéadfadh a bheith, agus ba cheart a bheith, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Tá an Coiste ag iarraidh ar an gCoimisiún é a mheas ar cheart sainordú na Gníomhaireachta a leasú chun leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht atá inti.

*Tograí sonracha maidir le Coiste Eorpach na Réigiún agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith níos rannpháirtí i neartú an smachta reachta san Aontas Eorpach*

30. á mholadh gur cheart dlús a chur le rannpháirtíocht Choiste na Réigiún, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus na sochaí sibhialta maidir le cultúr ina n-urramaítear an smacht reachta a chur chun cinn;

31. den tuairim gurbh é an imeacht bliantúil chun an smacht reachta a chur chun cinn, mar atá luaite sa togra ón gCoimisiún, ba cheart a bheith ar an gcruinniú deiridh de shraith cruinnithe arna dtionól ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ar imeacht láir ar leibhéal an Aontais a bheadh ann a chuirfeadh deireadh leis an tsraith; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún cruinnithe réigiúnacha maidir leis an smacht reachta a eagrú, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus na Ballstáit, roimh an imeacht bliantúil agus mar ullmhúchán dó;

32. den tuairim nach gá gur sa Bhruiséil a thionólfaí an t-imeacht bliantúil. D'fhéadfadh cathair nó réigiún Eorpach difriúil é a thionól gach bliain. Molann an Coiste, dá bhrí sin, go bhféadfadh an Coimisiún "cathair an smachta reachta" a ainmniú gach bliain, agus go dtionólfaí an t-imeacht bliantúil sa chathair sin;

33. den tuairim gur cheart cur go mór leis na cistí a bhíonn á leithdháileadh faoi láthair ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin neamhspleácha sa chreat airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart cuid den chistiú sin a chur i leataobh do na meáin áitiúla;

34. á thabhairt le fios gur cheart, sa bhreis ar na líonraí breithiúnacha Eorpacha, comhlachais dlíodóirí agus comhlachais bharra a chuimsiú sna gníomhaíochtaí cur chun cinn agus faireacháin atá beartaithe ag an gCoimisiún. Ar an leibhéal áitiúil, meastar gurb iad na dlíodóirí an chéad chosaint ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an smacht reachta agus as cearta bunúsacha agus ar shárú a d'fhéadfaí a dhéanamh air nó orthu. Thairis sin, tá comhlachais dlíodóirí ann i ngach Ballstát san Aontas agus ar gach leibhéal rialachais san Eoraip (áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus AE);

35. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh ombudsmain, a bhfuil a lán díobh ann ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, páirteach sna gníomhaíochtaí cur chun cinn agus faireacháin atá luaite sa togra ón gCoimisiún. Ba cheart do na comhlachtaí cosanta sin a bheith rannpháirteach i mbailiú faisnéise, agus i gcruinnithe agus imeachtaí réigiúnacha chun prionsabail an smachta reachta a chur chun cinn;

36. sásta go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tacú leis na hollscoileanna agus le lárionaid taighde chun staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta; den tuairim gur cheart eolas tábhachtach a chur i dtreo taighdeoirí atá ag obair sna Ballstáit sin a bhfuil, bunaithe ar pharaiméadair chinnte, baol níos mó iontu do phrionsabail an smachta reachta. Ba cheart scaipeadh na bprionsabal sin ar phobail réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe, a bheith san áireamh i gcuid den ghníomhaíocht arna cistiú;

37. á chur i bhfáth go bhfuil na mílte riarthóirí agus cleachtóirí áitiúla ag cur eolas ar rialacha agus ar straitéisí an Aontais tríd an obair a dhéanann siad ag bainistiú chistí an Aontais; den tuairim gur cheart do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a chur san áireamh san oiliúint a chuireann siad ar a gcuid oifigeach;

38. á thabhairt le fios, i bhfianaise na taithí atá aige maidir le beartais an Aontais a scaipeadh agus i gcomhar leis na tionscnaimh atá aige cheana, go bhféadfadh an Coiste – le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach agus i gcomhar le CESE – imeachtaí oiliúna a eagrú d'oifigigh agus do chleachtóirí áitiúla;

39. á mholadh, go háirithe, measúnú a dhéanamh ar a úsáidí a bheadh treoirthionscadal ina gcuirfeadh grúpa faoi leith d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha liosta critéar i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an smacht reachta (bunaithe ar na critéir a d'fhorbair Coimisiún na Veinéise). Faoi réir na srianta atá ar acmhainní na hinstitiúide, d'fhéadfadh an tionscnamh leas a bhaint as ceann de na samhlacha líonra ar thacaigh an Coiste leo cheana, mar shampla an Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht nó na moil réigiúnacha. D'fhéadfadh líon beag cathracha nó réigiún, ar bhonn deonach, comhlíonadh phrionsabail an smachta reachta a fhíorú ina n-údaráis nó ina n-oifigí féin. D'fhéadfadh an Coiste liosta a tharraingt suas de na paraiméadair a chuirfí i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí féin-iniúchóireachta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a chomhordú, agus go n-áiritheodh an t-údarás áitiúil agus réigiúnach go mbeadh comhpháirtithe áitiúla, e.g. ollscoileanna, ombudsmain, comhlachais bharra, agus an tsochaí shibhialta eagraithe, páirteach ann.

*Conclúidí*

40. I bhfianaise na mbarúlacha thuas, tá an Coiste:

— ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí sna sásraí lena gcosnaítear an smacht reachta, go háirithe sa chóras faireacháin bhliantúil, an baol go sárófaí na cearta bunúsacha agus go n-imeofaí ó na prionsabail dhaonlathacha sna Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach;

— ag iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den fhaireachán leanúnach a dhéanann sé maidir le sáruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar neamhspleáchas na mbreithiúna agus maidir le cur isteach a d'fhéadfadh na húdaráis phoiblí a dhéanamh ar na meáin;

— á mholadh go gcuirfí leis na tionscnaimh a sheol an Coimisiún roimhe seo chun faireachán a dhéanamh ar na meáin agus go neartófaí na tionscnaimh sin;

— ag iarraidh go gcuirfí go mór leis na cistí a bhíonn á leithdháileadh faoi láthair ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin neamhspleácha sa chreat airgeadais ilbhliantúil; á mholadh go leithdháilfí cuid den chistiú sin ar na meáin áitiúla neamhspleácha;

— á mholadh go ndéanfaí roinn speisialta den tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta a dhíriú ar na rioscaí a bhaineann le sáruithe ag gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad agus, go háirithe, ag oibreoirí eacnamaíocha príobháideacha móra atá gníomhach sa gheilleagar digiteach;

— ag iarraidh go gcuirfí an rún i gcrích maidir le tús a chur athuair le próiseas aontachais an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;

— ag iarraidh nach ndéanfaí coinníollacha ó thaobh cistiú de a mheas mar réiteach ach amháin i gcás sáruithe tromchúiseacha agus sistéamacha; ag achainí go ndéanfaí bearta chun a áirithiú nach dtabharfar buille éagórach do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar gheall ar na pionóis;

— ag iarraidh ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do ghníomhachtú an chórais chun faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit agus a ndóthain acmhainní airgeadais agus daonna a leithdháileadh ar na Ballstáit le go mbeidh siad in ann na huirlisí sin a bhunú;

— ag iarraidh go gcuirfí chun feidhme na tograí atá leagtha amach sa Tuairim seo, arb é is aidhm dóibh dlús a chur le rannpháirtíocht Choiste Eorpach na Réigiún, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus na sochaí sibhialta maidir le cultúr ina n-urramaítear an smacht reachta a chur chun cinn.

An Bhruiséil, an 12 Feabhra 2020

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS